

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Tuarascáil Bhliantúil 2018



CLÁR ÁBHAR

Clár Ábhar	2
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	3
Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí	4
- Aitheasc ón gCathaoirleach	4
- Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe Bhord BOOLI	5
- Speansais Chomhaltaí Boird BOOLI 2018	6
- Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta	7
- Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais	7
Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí	8
- Cuntas gairid ar BOOLI	8
- Cairt Eagrúcháin BOOLI	12
- Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLI	13
Tuarascáil 2018 – Scoileanna	15
Tuarascáil 2018 – Seirbhísí Ógra	22
Tuarascáil 2018 – Breisoideachais agus Oiliúna (breisoideachais agus oiliúna)	24
Tuarascáil 2018 – Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin (TFE)	31
Ráitis Airgeadais	35



Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

An Dr Christy Duffy, Príomhfheidhmeannach BOOLI

2018 an chéad bhliain a bhfuil BOOLI ag feidhmiú laistigh dár Ráiteas Straitéise 2017-2018. Leagtar amach sa doiciméad seo an creat leathan ina gcuirfidh BOOLI a ghníomhaíochtaí agus a spriocanna in ord tosaíochta thar thréimhse cúig bliana. Leagtar amach ann freisin tagarmharc a fhéadfaimid an méid a bhainfimid amach a mheas ina aghaidh, chomh maith le bealach nó treochlár soiléir do na seirbhísí go léir sa dá chontae. Sloinntear go soiléir inár dtuarascáil bhliantúil do 2018 an tslí ar bhrúigh BOOLI na gnéithe éagsúla dár bpríomhthosaíochtaí seirbhíse chun cinn le bliain anuas.

Tharla athruithe móra sa chomhthéacs ina bhfeidhmíonn BOOLI freisin in 2018, ina measc tabhairt isteach RGCS i mBealtaine 2018. Mar thoradh air sin, cuireadh roinnt athruithe suntasacha ar an tslí a ndéanaimid caidreamh le foghlaimeoirí fásta inár scoileanna agus lena dtuismitheoirí. Ár nAonad Seirbhísí Ógra atá i gceannas ar Sheirbhísí Ógra méadaithe a fhorbairt, trí bhíthin tuilleadh maoinithe i gceantar an Longfoirt agus na hIarmhí. Ba í 2018 an chéad bhliain a chomhaontaigh BOOLI, in éineacht le gach BOO eile, Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach le SOLAS. Cuid lárnach den chomhaontú sin is ea mionsonraí a thabhairt faoin tslí a bhféadfaidh BOOLI rannchuidiú le sé sprioc náisiúnta lárnacha a bhaint amach don earnáil bhreiseideachais agus oiliúna in Éirinn ó 2018 go 2020. Seo an chéad uair ar tugadh Comhaontú Straitéiseach den sórt sin isteach in Éirinn san earnáil bhreiseideachais agus oiliúna.

A handwritten signature in black ink that reads "Christy Duffy". The signature is written in a cursive, flowing style.

Christy Duffy

Príomhfheidhmeannach BOOLI



Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Aitheasc ón gCathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil BOOLI 2018 a chur faoi bhráid an léitheora. Ag breathnú siar ar an mbliain, is iontach an rud é a fheiceáil gur bhain ár gcuid mac léinn an scoth amach arís i raon leathan réimsí amhail cúrsaí acadúla, spórt, díospóireacht, óráidíocht, etc. An freagracht atá orainn mar Bhord, na deiseanna is fearr is féidir a sholáthar dár gcuid mac léinn go léir d'fhonn iad a ullmhú le haghaidh pé gairm a dtabharfaidh siad fúithi amach anseo. Baintear sin amach trí bhíthin na straitéisí agus na beartais ábhartha go léir i bhfeidhm, rialú airgeadais stuama agus ceart a dhéanamh ar ár gcuid buiséad agus coinníollacha oibre caighdeánacha maithe a sholáthar dár gcuid ball foirne. Tá ról fairsing ag BOOLI, agus é freagrach as scolaíocht dara leibhéal, Seirbhísí Ógra agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna i gcontae an Longfoirt agus i gcontae na hIarmhí araon. Dea-theist ar an obair atá ar bun sa réimse sin is ea an t-éileamh atá ag méadú ar ár Seirbhísí Ógra. Tá ár seirbhís bhreisoideachais agus oiliúna ag freastal i gcónaí ar riachtanais fostóirí trí bhíthin cúrsaí nua, spreagúla a sholáthar dá mac léinn. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an Dr. Christy Duffy, lena fhoireann bainistíochta go léir agus le gach duine i bhfoirne riaracháin agus teagaisc struchtúr iomlán BOOLI as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach don oideachas agus don oiliúint. Mar fhocal scoir, is mian liom aitheantas agus buíochas a chur in iúl don obair a dhéanann mo chomhghleacaithe ar an mBord a oibríonn go díograiseach agus go neamhleithleasach, le fuinneamh gan staonadh, chun na deiseanna oideachais is fearr is féidir a sholáthar do na mic léinn go léir laistigh de struchtúr BOOLI.

A handwritten signature in dark ink that reads "Cllr. Frankie Keena". The signature is written in a cursive, flowing style.

An Comhairleoir Frankie Keena,
Cathaoirleach BOOLI

Comhaltas Boird agus Dátaí Cruinnithe BOOLI**Comhlacht Ainmniúcháin**

Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Ionadaí Foirne

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Ionadaí Tuismitheoirí

Ionadaí Tuismitheoirí

Ionadaí Tuismitheoirí

Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire

Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt

Arna thoghadh ag Comhairle Contae an Longfoirt

Arna thoghadh ag Comhairle Contae na hIarmhí

Ionadaí Foirne

Ainm

An Comhairleoir Seamus Butler

An Comhairleoir Sorca Clarke

An tAthair Paul Connell

An Comhairleoir Una D'Arcy

An Comhairleoir Michael Dollard

An Comhairleoir Tom Farrell

An tUas. Declan Flanagan

An Comhairleoir Ken Glynn

Celine Kearney Medforth Uas.

An Comhairleoir Frankie Kenna
(Cathaoirleach)

Laura Leonard Uas.

An Comhairleoir Liam McDaniel
Helen Macken Uas. (d'éirigh as i
Márta)

Pauline Smyth Uas. (ó Mheitheamh
2018)

An tUas. Mark Murphy

An Comhairleoir Peggy Nolan

An tUas. James O'Keefe

An tUas. Pat O'Rourke

An Comhairleoir Pat O'Toole

An Comhairleoir Mae Sexton

An Comhairleoir Emily Wallace

Denise Watkins Uas.

Dátaí Cruinnithe Bhord BOOLI 2018
30 Eanáir 2018
13 Márta 2018
24 Aibreán 2018 (curtha ar ceal de bharr nach raibh an córam riachtanach i láthair)
22 Bealtaine 2018
26 Meitheamh 2018
25 Meán Fómhair 2018
23 Deireadh Fómhair 2018 (curtha ar ceal de bharr nach raibh an córam riachtanach i láthair)
13 Samhain 2018
27 Samhain 2018

Speansais Chomhaltaí Boird BOOLI 2018

Comhalta Boird	Cruinnithe Reachtúl a	Míleáiste Bhoird Agallaim h	Freastal ar Chomhdhála a/ Seimineáir	Eile	Speansa is Bhoird Agallaim h	Líon Cruinnithe Boird ar Freastalaí dh Orthu in 2018
An Comhairleoir Seamus Butler	40	0	0	0	0	5/9
An Comhairleoir Sorca Clarke	110	13	0	0	705.90	7/9
An tAthair Paul Connell	158	0	0	0	0	7/9
An Comhairleoir Una D'Arcy	44	0	412	37	988.26	6/9
An Comhairleoir Michael Dollard	233	205	0	14	1552.98	9/9
An Comhairleoir Tom Farrell	232	353	0	0	988.26	8/9
An tUas. Declan Flanagan	191	0	0	0	0	9/9
An Comhairleoir Ken Glynn	42	0	0	0	0	4/9
Celine Kearney Medford Uas.	0	0	0	29	0	4/9
An Comhairleoir Frankie Keena	464	389	1,260	174	423.54	8/9
Laura Leonard Uas.	0	0	0	0	0	2/5
An Comhairleoir Liam McDaniel	0	0	0	48	0	6/9
Helen Macken Uas.	45	0	0	125	0	1/2
An tUas. Mark Murphy	217	0	0	0	0	4/9
An Comhairleoir Peggy Nolan	0	0	0	113	0	7/9
An tUas. James O'Keeffe	238	37	0	34	0	6/9
An tUas. Patrick O'Rourke	74	32	0	0	423.54	4/9
An Comhairleoir Pat O'Toole	204	172	0	0	1552.98	9/9
An Comhairleoir Mae Sexton	101	0	0	134	0	9/9
Pauline Smyth Uas.	0	0	0	0	0	3/5
Denise Watkins Uas.	348	90	0	0	0	7/9
An Comhairleoir Emily Wallace	0	0	0	0	0	4/9
Iomlán	2,741	1,291	1,672	708	6635.46	

*Bhí 9 gcuinniú socraithe le linn na bliana 2018. Ní éirítear córam riachtanach a bhaint amach le haghaidh 2 chruinniú, agus mar sin, ní raibh ach 7 gcuinniú.

*D'éirigh Helen Macken, Ionadaí Tuismitheoirí, as a bheith ar an mBord i Márta 2018 agus tháinig Pauline Smyth (Meitheamh 2018) ina háit.

* D'éirigh Laura Leonard as a bheith ar an mBord i Meán Fómhair 2018. (Níl aon duine tagtha ina háit fós).

Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta

Faoi alt 45.1 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, tá oibleagáid ar BOOLI na nithe seo a leanas a bhunú:

- (a) coiste (dá tagraítear san Acht seo mar "choiste airgeadais") chun scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbord agus tuairisc a dhéanamh leis an mbord ina leith, agus
- (b) coiste (dá tagraítear san Acht seo mar "choiste iniúcháireachta") chun cabhrú leis an mbord a fheidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí a dhéanamh.

Comhaltas an Choiste Iniúcháireachta 2018	
An tUas. Gerard Quirke (Cathaoirleach)	Comhalta Seachtrach
An Comhairleoir Sorca Clarke	Comhalta BOOLI
An tUas. Stephen Kerr	Comhalta Seachtrach
An tUas. Thomas McDermott	Comhalta Seachtrach
An tUas. James O'Keeffe	Comhalta BOOLI
An tUas. Pat O' Rourke	Comhalta BOOLI

Cruinnithe Choiste Iniúcháireachta BOOLI 2018
11 Eanáir 2018
22 Feabhra 2018
5 Márta 2018
28 Meitheamh 2018
5 Deireadh Fómhair 2018

Comhaltas agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Comhaltas an Choiste Airgeadais 2018	
An Comhairleoir Michael Dollard (Cathaoirleach)	Comhalta BOOLI
An tUas. Hugh Farrell	Comhalta Seachtrach
Laura Leonard Uas.	Comhalta BOOLI
Ann Nugent Uas.	Comhalta Seachtrach
An Comhairleoir Pat O'Toole	Comhalta BOOLI

*D'éirigh Laura Leonard as i Meán Fómhair 2018

Cruinnithe Choiste Airgeadais BOOLI 2018
6 Márta 2018
23 Aibreán 2018
2 Iúil 2018
1 Deireadh Fómhair 2018
3 Nollaig 2018

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Cuntas Gairid ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil do dhaoine 129,643 in dhá chontae. Sa Mhuileann gCearr atá ceanncheathrú na heagraíochta lonnaithe. Tugtar achoimre thíos ar na príomhfhíricí agus figiúirí i ndáil le BOOLI in 2018.

Scoileanna



Seirbhísí	An Líon Príomhshuíomhanna	An Líon Rannpháirtithe
Mic Léinn iar-bhunscoile	8	3090
Mic Léinn iar-Ardteistiméireachta	4	284
Cúrsaí Oíche Féinmhaoinitheacha	1	647
Iomlán	14	4,021

Breisoideachais agus Oiliúna




Seirbhísí	An Líon Príomhshuíomhanna	An Líon Tairbhithe
Breisoideachais agus Oiliúna	10	9,041
Seirbhís Treorach do Dhaoine Fásta	3	3,298
Iomlán	13	12,339

Seirbhísí Ógra




Seirbhísí	An Líon Príomhshuíomhanna	An Líon Tairbhithe (tuairim)
Grúpaí agus Clubanna Ógra Deonacha	35	1,500
Seirbhísí (gairmiúla) faoi cheannas Foirne	6	3,466
Iomlán	41	4,966

Suíomhanna Sheirbhísí BOOLI



Suíomhanna Sheirbhísí BOOLI	
Scoileanna 1 Ardscoil Phádraig, Gránard 2 Coláiste Pobail Átha Luain 3 Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin 4 Coláiste Pobail Bhaile na gCros 5 Coláiste Columba, Chill Liúcainne 6 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag 7 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr 8 Coláiste Pobail Theampall Mhichíl	Breisoideachais agus Oiliúna 15 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Luain 16 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhaile Uí Mhatháin 17 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghránaird 18 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Longfoirt 19 Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Chearr
9 Iar-bhunscoil St. Anthony, Baile Átha Luain	20 Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain
Iar-Ardteistiméireachta Provision 10 Coláiste Pobail Átha Luain 11 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag 12 Coláiste Pobail an Muilinn Chearr 13 Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfoirt	Ógtheagmháil agus SDOG 21 Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin 22 Ógtheagmháil Dhealbhna 23 Ógtheagmháil Chill Bheagáin 24 Ógtheagmháil an Longfoirt 25 SDOG Bhaile Átha Luain 26 SDOG an Longfoirt 27 SDOG an Mhuilinn Chearr
14 Ceannoifig BOOLI, An Muileann gCearr	28 Oifig an Longfoirt



Miondealú ar Fhoireann BOOLI 2018

Catagóir	Iomlán
Múinteoirí Iar-bhunscoile	341
Múinteoirí/Teagascóirí Breisoideachais agus Oiliúna	145
Foireann Riaracháin	82
Comhordaitheoirí / Cinn na nIonad	28
Oibreoirí Acmhainne	11
Foireann Cothabhála	33
Foireann Tacaíochta (CRS)	34
Iomlán	674

Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Le hIonstraim Reachtúil 542 de 2009, tá ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisc a thabhairt ar bhonn bhliantúil ar an bhfuinneamh a úsáideann siad agus ar na gníomhartha a dhéanann siad chun ídiú a laghdú. Baineadh amach méadú ar éifeachtúlacht trí bhíthin bainistiú struchtúrtha fuinnimh, uasghráduithe ar fhoirgnimh agus ar áiseanna, soláthar fuinnimh níos fearr agus trí bhíthin athrú iompraíochta laistigh den eagraíocht.

Tá BOOLI ag iarraidh laghduithe ar an úsáid fuinnimh a bhaint amach i gcónaí agus tá faisnéis ar gach scoil, ionad agus oifig curtha ar aghaidh chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), mar a éilítear.


Chuir BOOLI feabhas 2.2% ar Ídiú Fuinnimh ó 2016 go 2017, an dá bhliain dheireanacha dá bhfuil figiúirí ar fáil.

Féach an léaráid thíos ina léirítear coigilteas fuinnimh BOOLI go dtí 2017, de réir fhiigiúr bunlíne 2009.



<https://www.seai.ie/resources/publications/Public-Sector-Annual-Report-2018.pdf>

Cairt Eagrúcháin BOOLI



Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLI

D'fhorbair BOOLI 'Ráiteas Straitéise 2017 – 2022' in 2017, mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise sin na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéil do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí don chúig bliana amach romhainn. Is é an Ráiteas Straitéise an bonn agus an cúlra iomchuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhain BOOLI amach i rith 2018. Leagtar amach an creat sa tuarascáil bhliantúil seo do gach ceann de na ceithre réimse seo; Scoileanna, Seirbhísí Ógra, Breisoideachas agus Oiliúint agus TFE.


ÁR bhFÍS

**Seirbhísí oideachais
agus oiliúna a fhorbairt
agus a chur ar fáil a
aithnítear go náisiúnta
agus go hidirnáisiúnta
agus atá fuinniúil
agus gairmiúil
agua ar
ardchaighdeán.**

ÁR MISEAN

**Seirbhísí
oideachais
agus
oiliúna a
chur ar fáil
atá
bríomhar,
éagsúil
agus
nuálach**

Ár Luachanna



ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2017-2022	
Sprioc 1	Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar
Sprioc 2	Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimoírí a fheabhsú
Sprioc 3	Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú
Sprioc 4	Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn
Sprioc 5	Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne

Tuarascáil 2018 - Scoileanna

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimeoirí a sholáthar	
1.1 Cairt d'Fhoghlaimeoirí a chruthú do BOOLI	
1.1	Rinne BOOLI taighde mór ar Chairteacha d'Fhoghlaimeoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar feadh eagraíochtaí. Chuir foirne bainistíochta BOOLI tús le caidreamh tosaigh le páirtithe leasmhara maidir le hábhar chairt d'fhoghlaimeoirí do BOOLI.
1.2 Straitéis Teagaisc agus Foghlama BOOLI a Fhorbairt	
1.2.1	Tá taighde deisce tosaigh déanta ag BOOLI ar Straitéis Teagaisc agus Foghlama a fhorbairt, san earnáil oideachais agus in earnálacha eile.
1.2.2	I rith 2018, chuir BOOLI tús le caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha maidir le straitéis Foghlama TFC a fhorbairt don eagraíocht. Leis an straitéis sin, soláthrófar an creat a theastaíonn lena chinntiú go mbeidh an soláthar chlár oideachais arna dtacú ag TFC i seomraí ranga oiriúnach don fheidhm le haghaidh na bpobal oideachais go léir. Beidh mar aidhm leis an straitéis creat a chur ar fáil do réamh-phleanáil na forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) agus tacú le hoiliúint do gach ball foirne. I bhfómhar 2018, chuir trí scoil tús le tionscadal píolótach maidir le Office 365 a thabhairt isteach. Sa chéad athbhreithniú ar na tionscadail phíolótacha, fuarthas gur éirigh go han-mhaith leo agus táthar ag súil go mbeidh scoileanna eile páirteach i rolladh amach iomlán an tionscadail seo ar bhonn céimnithe in 2019.
1.3 Pleanáil agus comhordú clár	
1.3.1	I ndiaidh an Phlean Seirbhíse don 2018 a fhorbairt, rinne foireann bainistíochta shinsearach BOOLI athbhreithniú foirmiúil ar na cúig sprioc in earrach 2018, ag tús fhómhar 2018 agus ag deireadh na bliana. Gníomhaíochtaí Scoile: Leanadh le rolladh amach chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí nua i ngach scoil BOOLI. Cuireadh tús le gearrchúrsaí i Meán Fómhair 2018 agus thairg dhá scoil Corpoideachas, OSPS, OSSP, Códú agus Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha. Thug Coláiste Theampall Mhichíl clár na hArdteistiméireachta Feidhmí isteach i Meán Fómhair 2018 agus d'oscail Coláiste Columba Chill Liúcainne aonad ASD. Tugadh isteach na cláir sin chun cur le deiseanna foghlama do na mic léinn a fhreastalaíonn ar ár scoileanna. Clár Cultúir Scoileanna: Cuireann scoileanna BOOLI deiseanna ar fáil do mhic léinn páirt a ghlacadh i dturais thar sáile. I measc na n-áiteanna ar tugadh cuairt orthu in 2018 bhí an Iodáil, Barcelona agus Learpholl. Bhain tuairim is 214 mac léinn leas as turais thar sáile in 2018. I measc na dturas eile a tugadh i rith na bliana scoile bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Zipit, Delphi, an Chúirt Choiriúil Speisialta, Cycle against Suicide Forum, Comhairle na nÓg, An Muileann gCearr, cuairteanna staire áitiúla, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, comórtas Futsal, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, Ionad Eachtraíochta sa Chaoláire Rua, Ionad Eachtraíochta in Acaill, Ceardlann Scríbhneoireachta Roddy Doyle, Ollscoil Chathair Bhaile Átha

	Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Ionad Eachtraíochta i gCairlín, Reilig Ghlas Naíon, Dáil Éireann, Dún Uí Choileáin, Microsoft, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Ceardlanna Zeminar/CCJ, Higher Options/ Neartú Foirne Loch CE/Comhairle na nÓg, cuairteanna éagsúla ar an amharclann agus Ionad Eachtraíochta Faoin Aer in Acaill. Glacann Coláiste Theampall Mhichíl páirt sa chlár Malartaithe Erasmus gach bliain. Chuaigh 20 mac léinn go dtí an Pholainn in 2018. Comórtais: Ghlac BOOLI páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla mar chuid dá mbliain scoile. Áiríodh orthu sin Comórtas Eolaí Óg BT, <i>SciFest</i>, Fiontraí Óg, Craobhchomórtais Náisiúnta Scifest, Díospóireachtaí <i>Concern</i>, Díospóireachtaí Ghael Linn, Comórtas Óráidíochta <i>Siroptimist</i>, Buaiteoirí Thráth na gCeist Fheachtais, Tráth na gCeist faoi Shláinte agus Sábháilteacht, imeachtaí spóirt, an <i>Fresh Film Festival</i>, Gaelfhíseán na Bliana, an clár <i>Student Enterprise</i>, <i>Young Environmentalist Award</i>, Gaisce. Buaiteoirí Duaiseanna: Ardscoil Phádraig: Gaelfhíseán na Bliana (Buaiteoir Contae), <i>Student Enterprise</i> (Buaiteoir Contae), Tráth na gCeist Chomhar Creidmheasa na Scoile (Buaiteoir agus dara háit). Coláiste Pobail Átha Luain: Tráth na gCeist Eolaíochta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, buaiteoirí Thráth na gCeist faoin bhFeasacht ar Dhrugaí idir scoileanna i mBaile Átha Luain, buaiteoirí Chomórtas Matamaitice IMTA, buaiteoirí Chomórtas na Matamaitice Feidhmí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Coláiste Pobail Bhaile na gCros: Comórtas Óráidíochta <i>Soroptimist</i> – mac léinn le bheith mar ionadaí ar Bhrainte an Mhuilinn Chearr sa bhabhta Réigiúnach. Comórtas Náisiúnta Drámadóirí RTÉ (Tríú háit), Buaiteoir gradaim ag an gComórtas Náisiúnta do Dhrámaí Aon Ghnímh <i>Briery Gap</i>, Craobhiomaitheoirí Iomlánaíochta Laighean. Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag: Buaiteoirí Chorn O'Byrne 2018 (Peil Shinsearach), <i>Fresh Film Festival</i> (craobhiomaitheoirí réigiúnacha), Tráth na gCeist Idirbhliana <i>Battle of the Wits</i>, Comórtas Eolaí Óg na Bliana BT; 4 thionscadal (1 a fuair ardmholadh), Craobhiomaitheoirí i gcomórtas Óráidíochta KOC / Foireann Laighean, Scifest@AIT (ceathrar buaiteoirí duaiseanna).
1.4 Dearbhú cáilíochta a sholáthar	
1.4.1	Bunaíodh Grúpa Maoirseachta Cáilíochta (GMC) chun tacaíocht a thabhairt do BOOLI ó thaobh torthaí cáilíochta do mhic léinn a chur i bhfeidhm.
1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais reatha agus ar riachtanais a bheidh ann sa todhchaí a shainaithint	
1.5.1	Bunaíodh foireann Caidrimh Fiontraíochta le scoileanna a sholáthraíonn cúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus atá rannpháirteach san fhóram seo. Chuir ionadaithe foirne ó na scoileanna go léir tús le caidreamh le pobail fhoghlama tras-scoile. Bunaíodh na grúpaí sin lena chur ar chumas bhail foirne ó réimsí ábhair éagsúla dea-chleachtas a roinnt agus smaointe nuálacha a fhorbairt chun teagasc agus foghlaim a chur chun cinn i seomraí ranga. Reáchtáil na scoileanna go léir Laethanta Oscailte i nDeireadh Fómhair agus i Samhain 2018 agus thug cuireadh do mhic léinn agus dá dteaghlaigh cuairt a thabhairt ar an scoil agus casadh leis an bhfoireann. Bhí 4 Ócáid Oscailte ag soláthróirí chúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus ghlac siad páirt in 2018 in imeachtaí chun an breisoideachas agus an oiliúint a chur chun cinn. Bhí soláthróirí chúrsaí iar-Ardteistiméireachta BOOLI páirteach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm Phlean Feidhmiúcháin BOOLI maidir le Féinmheastóireacht agus Feabhsú

	Cáilíochta.
1.5.2	Cuireadh tús leis an bpróiseas Athchumrú don Éagsúlacht i mbunscoileanna in 2018. TFE a stiúir an Chéim Sainaitheanta agus cuireadh tuarascáil iomlán faoi bhráid Ros i mí na Nollag 2018.
Spríoc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú	
2.1 Aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó thuismitheoirí	
2.1.1	Tá taighde déanta ag BOOLI maidir le Fóram Ghuth an Mhic Léinn BOOLI a bhunú. Tá eolas tugtha do cheannairí scoile faoin tionscnamh seo agus tá scrúdú á dhéanamh ar an bhfóram seo a chruthú.
2.1.2	Cuireadh tús le taighde ar dhea-chleachtas maidir le Fóram Tuismitheoirí BOOLI a bhunú. Tá tús curtha le forbairt ar dhréacht-Théarmaí Tagartha don ghrúpa seo. Ag teacht le riachtanais RGCS, rinne scoileanna comhfheagras leis na tuismitheoirí, mic léinn agus boird bhainistíochta go léir i Meán Fómhair 2018 agus thug treoir, prótacail agus meicníochtaí dóibh chun aiseolas do thuismitheoirí mhic léinn atá os cionn 18 mbliana d'aois a éascú.
2.2 Foghlaim Le cuidiú TFC	
	Chun tacú le teagasc agus foghlaim chuidithe inár scoileanna agus ag teacht leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, bhí Coláiste Columba, Chill Liúcainne, Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin agus Coláiste Pobail Bhaile na gCros ina scoileanna pólótacha maidir le Office 365 a thabhairt isteach. Tá aonad oiliúna agus forbartha seachtrach ag tacú leis an scéim phíolótach seo. Mar bheart comhlántach, thug BOOLI tacaíocht shuntasach don bhonneagar TFC i scoileanna agus in aonaid a uasghrádú i rith 2018. Cuireadh tús leis na tionscadail uailmhianacha sin le hiniúchadh TFC i ngach scoil agus clár agus ina dhiaidh sin rinneadh athsholáthar ar ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, iPad, teilgeoirí agus cláir chliste, agus rinneadh uasghrádú go dtí Windows 10 ar chórais. I measc oibreacha eile bhí seirbhís printéireachta bhainistithe do gach scoil agus criptiú ar ghléasanna bhaill foirne BOOLI go léir. Chomh maith le Office 365 a thabhairt isteach ar bhonn píolótach, chomhaontaigh na 8 scoile go léir sceideal oiliúna le tosú i mí na Nollag 2018 agus le leanúint ar aghaidh in earrach 2019. Áiríodh ar an FGL sin oiliúint ar Sharepoint do cheannairí scoile agus 'Glacadh le TFC' do na baill foirne go léir. Soláthrófar an oiliúint sin ar an láthair i ngach ceann de na scoileanna.
2.3 Ionchuir a rianú agus a thuairisciú	
2.3.1	Straitéisí Tinrimh: Tá tús curtha ag roinnt scoileanna BOOLI le raon straitéisí tinrimh, agus tá forbairt déanta acu orthu, chun tinreamh mac léinn i scoileanna a spreagadh. Áirítear ar na straitéisí córais bhainistíochta scoile a úsáid chun rianú a dhéanamh ar phatrúin maidir le bheith déanach, teagmháil rialta le tuismitheoirí, caidreamh le hoifigigh leasa oideachais, agus Gradaim Tinrimh Mhíosúla a thabhairt isteach. Coinneáil: Tá stádas DEIS ag 7 scoil BOOLI. Ag teacht le planáil DEIS, cuireann scoileanna roinnt straitéisí i bhfeidhm chun tacú le rátaí coinneála i scoileanna. Áirítear orthu sin caidreamh leis an tseirbhís Treoir Scoile Uile agus na cláir TSOS, an Idirbhliain, ATF agus GCAT a sholáthar. I measc tacaíochtaí scoile eile tá pearsanra Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, an Clár Críochnaithe Scolaíochta, béilí scoile, clubanna bricfeasta, clubanna dinnéir agus staidéar i

	ndiaidh na scoile. Déantar monatóireacht agus rianú ar rátaí coinneála iar-Ardteistiméireachta ar bhonn míosúil lena chinntiú go dtugtar tacaíocht do mhic léinn fásta má bhíonn fadhbanna acu le tinreamh. Tá mic léinn cláraithe ar an gcóras PLSS chun críche monatóireachta. Gnóthachtáil: Chun monatóireacht a dhéanamh, thug BOOLI córas rianaithe acadúil nua isteach chun gnóthachtáil mac léinn ar leibhéal sóisearach agus sinsearach a thaifeadh i ngach scoil. Gradaim Bhliantúla BOOLI don Sármhaitheas Acadúil: Bhronn BOOLI onóir ar 17 mac léinn Ardteistiméireachta as na torthaí acadúla b'airde ina scoileanna faoi seach a bhaint amach. Tionóladh an searmanas gradam in Bloomfield House Hotel, An Muileann gCearr, Dé hAoine an 7 Meán Fómhair 2018. Bhronn an Príomhfheidhmeannach babhla criostail greanta ar gach mac léinn in ómós dá ghnóthachtáil. Dul chun cinn: Tugann scoileanna tacaíocht do mhic léinn leas a bhaint as na seirbhísí sa scoil – Teagascóir Ranga agus Treoirchomhairleoir. Tugtar tacaíocht do mhic léinn agus iad ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil trí bhíthin thionscnaimh do leanaí i Rang a Sé agus trí bhíthin an Chláir Críochnaithe Scolaíochta nuair a bhíonn sé ar fáil.
2.3.2	Cigireachtaí Scoile: Francis – Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin Tuairisc Chigireachta Scoile Dheiridh – Coláiste Theampall Mhichíl
2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú	
2.4.1	Chuir BOOLI fáilte roimh an fhógra ar shíneadh ollmhór ar Choláiste Pobail Bhaile na gCros le giom il-úsáide agus svuít aclaíochta a chur leis, chomh maith le seomra ceoil fuaimdhíonach, leabharlann nua-aimseartha agus saotharlanna le haghaidh Ghrafaic Dhearthra agus Chumarsáide, na hEalaíne agus na hEolaíochta. Tugadh feabhsúcháin suntasacha ar fhoirgnimh agus ar áiseanna scoile chun críche ar feadh BOOLI i rith 2018. Áiríodh orthu sin: Ardscóil Phádraig – cead chun téastar a thógáil mar nasc idir fhoirgnimh. Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin – Díon an ghiomnáisiam a athsholáthar agus athchóiriú ar cheantar an ghiomnáisiam. Coláiste Columba Chill Liúcainne – uasghrádú ar an bhfoirgneamh, lena n-áirítear fuinneoga nua. Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag – síneadh nua tugtha chun críche, osclaíodh é do mhic léinn i Meán Fómhair 2018. Coláiste Theampall Mhichíl – cuireadh tús le forbairt ar spás do Ghiomnáisiam Faoin Aer Iar-bhunscoil St. Anthony – uasghrádú ar an bhfoirgneamh tugtha chun críche Brandáil: D'fhostaigh BOOLI sainchomhairleoir brandála agus thug brandáil don eagraíocht chun críche. Rinneadh meirgí a athsholáthar agus rinneadh iad a uasghrádú le brandáil nua. Cuireadh comharthaí nua in airde ag an mbealach isteach chuig gach scoil BOOLI.
2.5 FGL Foirne/Meantóireacht	
2.5.1	Tugann BOOLI tacaíocht agus spreagadh don fhoireann go léir tabhairt faoin FGL. I measc na gcúrsaí ar freastalaíodh orthu i rith 2018 bhí oiliúint JCT, oiliúint faoi Thoilíú, oiliúint faoi Thús Áite do Leanaí, oiliúint Bodywhys, oiliúint folláine agus oiliúint do ranna éagsúla, Teangacha iasachta, DRCC, Gaeilge, SESS, Stair, Uathachas sa Seomra Ranga, Oiliúint BOM, oiliúint ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), Friends for Life, Moving up, Enterprise, ASIST, an clár Idirbhliana Ceannairí na

	Todhchaí, Garchabhair/ACS, Feasacht ar an bhFéinmharú (FSS) SFGM: Rinne na scoileanna go léir caidreamh leis an SFGM i rith 2018 thar raon leathan ábhar. Rinne roinnt scoileanna caidreamh le Droichead. Ghlac 2 Phríomhoide scoile páirt i gcóitseáil in 2018. Tugtar cuireadh do gach ball foirne teagaisc atá ag dul i mbun fostaíochta le BOOLI freastal ar Lá Treorach do Bhaill Foirne Teagaisc Nuacheaptha sula dtosaíonn siad amach ar an mbliain acadúil. Reáchtáladh Lá Treorach 2018 Dé Céadaoin an 22 Lúnasa in The Park Hotel, An Muileann gCearr. D'fhreastail 36 bhall foirne ar an lá. Tionóladh seisiúin eolais do dhaoine ar mhaith leo bheith ina bPríomhoidí Cúnta in The Park Hotel, An Muileann gCearr Dé Luain an 1 Deireadh Fómhair 2018. D'fhreastail 75 ball foirne teagaisc ar an seisiún eolais sin. I measc na n-ionchur ceardlainne i gcruinnithe ceannairí bhí RGCS, Oideachas Uilechuimsitheach, Bainistiú Buiséad agus fóram ceannairí chúrsaí iar-Ardteistiméireachta.
Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú	
3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear struchtúr maidir le húsáid a bhaint as córais agus cláir	
3.1.1	Lena chinntiú go mbeidh rochtain ag scoileanna ar an teicneolaíocht is déanaí, rinneadh iniúchadh cuimsitheach ar TFC i ngach scoil. I ndiaidh athbhreithniú ar an iniúchadh, rinneadh uasghrádú ollmhór ar an mbonneagar i ngach scoil. Áiríodh air sin uasghrádú ar cháblaí agus bonneagar agus Office 10 a uaslódáil ar feadh na scéime. Ag teacht leis sin, rinneadh athsholáthar ar ríomhairí pearsanta, ar theilgeoirí, ar bhoird chliste agus ar ríomhairí glúine i ngach scoil.
3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt	
3.2.1	Cuireadh tús le taighde ar Straitéis Cumarsáide a fhorbairt do BOOLI le súil agus an straitéis sin a fhorbairt sa chéad agus sa dara ráithe de 2019.
3.3 Foirne comhoibríocha a chruthú	
3.3.1	Cruinnithe le Ceannairí Scoile: Tionóladh 7 gcruinniú do cheannairí scoile i rith 2018 ar na dátaí a leanas: 2 Feabhra, 23 Feabhra, 20 Aibreán, 13 Meitheamh, 14 Meán Fómhair, 14 Samhain agus 7 Nollaig
3.3.2	Bunaíodh Líonraí Riarthóirí Scoile i rith 2018 agus tionóladh dhá chruinniú; i Meán Fómhair agus Samhain. Tionóladh ceithre chruinniú théamúla le ceannairí scoile i rith na bliana freisin inar pléadh le hairgeadas, riachtanais rialachais agus acmhainní daonna. Rinne Stiúrthóirí Scoileanna agus Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna cruinniú le ceannairí scoile iar-Ardteistiméireachta a chomh-óstáil chun soláthar iar-Ardteistiméireachta a phlé. Fóraim náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla: D'fhreastail 8 bPríomhoide agus 10 Leas-Phríomhoide ar an gComhdháil Náisiúnta BOO a tionóladh i Feabhra 2017.

	Rinne Príomhoide amháin ionadaíocht ar BOOLI ar an bhFóram Náisiúnta Príomhoidí
3.4 Comhpháirtithe agus comhghuaillíochtaí le páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí a fheabhsú	
3.4.2	Déanann an Stiúrthóir Scoileanna ionadaíocht ar BOOLI ar Choiste Bainistíochta Music Generation Uíbh Fhailí/na hIarmhí agus d'fhreastail ar 2 chruinniú; an 28 Meán Fómhair agus an 30 Samhain.
3.4.3	Bíonn an Stiúrthóir Scoileanna rannpháirteach i roinnt grúpaí náisiúnta lena n-áirítear Fóram na Stiúrthóirí Scoile, an Grúpa Oibre FGL, Tascghrúpa na bPobalscoil Náisiúnta, an Grúpa Oibre Beartas.
Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn	
4.2 Cur chuige a fhorbairt lena gcothaítear cumas don bhainistiú athruithe	
4.2.1	D'fhreastail baill foirne riaracháin scoileanna ar 2 chruinniú faisnéisithe chun tacú lena gcuid oibre i scoileanna. Tionóladh seisiúin faisnéise arna soláthar ag an Stiúrthóir Scoileanna agus an rannóg Acmhainní Daonna i nDeireadh Fómhair 2018. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar riachtanais agus ar thosaíochtaí i scoileanna mar ullmhúchán do struchtúir bhainistithe nua.
4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI	
4.3.1	Tugadh faisnéis rialta do scoileanna maidir le hathruithe leanúnacha ar riachtanais reachtúla. Rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosca a bunaíodh in 2017 agus rinneadh leasú orthu chun monatóireacht agus tuairisciú leordhóthanach ar rioscaí a dhéanamh. Chuir an Stiúrthóir Scoileanna oiliúint ar fáil do cheannairí scoileanna nua ag Lá Ionduchtaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí Nuacheaptha i Meán Fómhair 2018.
4.3.2	Tugadh ceannairí scoile eolas cothrom le dáta go rialta maidir le riachtanais rialála corparáidí agus freagrachtaí mar a ordáíodh ag Ciorcláin, RGCS, Cosaint Leanaí, an Bille um Ligeán Isteach i Scoileanna etc.
4.4 Bheith rannpháirteach i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta	
4.4.1	Rinne príomhoidí scoile ionadaíocht ar cheannairí scoile BOOLI ag an bhFóram Príomhoidí Scoileanna arna óstáil ag BOOÉ. Scaip ionadaithe saincheisteanna agus faisnéis ábhartha ar scoileanna.
4.4.2	Bíonn gach scoil rannpháirteach i dtionscnaimh áitiúla agus náisiúnta chun a scoileanna a chur chun cinn agus chun cur lena bpobal. Áiríodh ar thionscadail in 2018: Rannpháirtíocht mac léinn le St Hilda's Special School, Retreat Nursing Home, Bailte Slachtmhara, Athlone Drug Awareness, AIT Sports link, Comhairle Baile Bhaile Átha Luain, Comhairle Contae na hIarmhí, Paráid Lá Fhéile Pádraig, an cumann staire áitiúil, Seó Faisin le Cumann Naomh Uinseann de Pól, ceol carúl ar mhaithe leis an Ospís, Men's Shed, Tithe Altranais, Young Environmentalist Awards, Muintearas (teideal scáthghrúpa do na bailiúcháin charthanais go léir), Lá Oscailte, Bank Of Ireland Enterprise, Abbot Enterprise, ócáidí teacht le chéile, Comhpháirtíocht Scoile/Ghnó le Líonraí BSL, Glantachán Earraigh leis na Bailte Slachtmhara, Banc Scoile le Banc na hÉireann, taithí oibre le gnólachtaí áitiúla, Tionscadail Ealaíne le Lus na Gréine, Big Chef Little Chef, Bridging the Gap le Thomond Lodge Nursing Home, Clár Ceartais Shóisialta, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus tionscnaimh léitheoireachta i leabharlanna áitiúla.

Sprioc 5: Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne

5.1 An Straitéis FGL do BOOLI

5.1.2	Cuireann BOOLI tacaíocht leanúnach ar fáil do cheannairí scoile trí bhíthin tacaíocht duine le duine agus cruinnithe ceannairí. Áiríodh ar thacaíochtaí seachtracha eile a ndearna ceannairí scoile rochtain orthu, 2 phríomhoide scoile ag glacadh páirte i gcláir mheantóireachta agus chóitseála sa Lárionad Ceannaireachta Scoile. D'fhreastail 3 cheannaire scoile nuacheaptha ar Chlár Ionductaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí Nuacheaptha. D'fhreastail ceannairí scoile ar Chomhdháil an SFGM agus ar Chomhdháil Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí BOOLI.
5.1.3	Rinneadh scrúdú ar ghrúpa oibre a bhunú chun tacú leis an gcéad dréacht ar phlean FGL do scoileanna.

Tuarascáil 2018: Seirbhísí Ógra

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar	
1.3 Pleanáil agus comhordú clár	
1.3.1	- Plean Seirbhísí 2018 um Obair don Ógra curtha i bhfeidhm. - Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul Chun Cinn 2017 curtha faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)
1.3.3	Forbairt ar Phlean 5 bliana um Obair don Ógra.
1.4 Dearbhú cáilíochta a sholáthar	
1.4.3	An Creat um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta (CCCN) a chur i bhfeidhm i ndáil le tionscadail arna maoiniú ag an RLGÓ.
1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais reatha agus ar riachtanas a bheidh ann sa todhchaí a shainaitheint	
1.5.4	- Cuireadh tús le seirbhísí saincheaptha breise maidir le hobair don ógra i mbaile an Longfoirt. - Roghnaíodh soláthróir seirbhísí do sheirbhís saincheaptha nua maidir le hobair don ógra i gContae an Longfoirt agus moladh é don RLGÓ lena fhaomhadh. - Rinneadh soláthar don bhliain iomlán de Sheirbhís Tacaíochta Cóireála agus Coisc Alcóil agus Drugaí do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois don Longfort agus don Iarmhí (an tionscadal Extern MYDAS) i gcomhar le Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Lár Tíre agus FSS. - Ghlac BOOLI páirt i dtrial ar scéim saindírithe um maoiniú don ógra in 2018. Bhí caidreamh suntasach agus mionsonraithe leis an RLGÓ agus le comhlachtaí mhaoinithe i rith na bliana i gceist leis sin. - Sruthanna maoiniú nua a riar thar ceann na RLGÓ.
Sprioc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimoírí a fheabhsú	
2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú	
2.4.1	Leithdháileadh €43,599 ar 5 thionscadal ógra le haghaidh deisiúcháin riachtanacha, uasghrádú ar áiseanna agus trealamh a cheannach.
Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú	
3.4 Feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhghuaillíochtaí le geallsealbhóirí agus comhlachtaí seachtracha	
3.4.1	D'oibrigh an tAonad Seirbhísí Ógra ar bhonn comhoibríoch le comhghleacaithe ar feadh earnáil na BOO, e.g. An Creat um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta (CCCN) le BOOLUF agus BOOGRC, mar gheall go mbíonn seirbhísí i bhfeidhm thar réimsí feidhme BOO.
3.4.2	Rinne an tOifigeach Ógra ionadaíocht ar BOOLI ar na coistí agus sna grúpaí seo a leanas:

	• Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil na hIarmhí • Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga • Grúpaí stiúrtha Chomhairle na nÓg an Longfoirt agus na hIarmhí • Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Réigiúnach Lár Tíre & an Fo-choiste Airgeadais • Foirne RAPID, An Muileann gCearr agus Baile Átha Luain.
Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn	
4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI	
4.4.3	• Láimhseáil an tAonad Seirbhísí Ógra €591,886 in 2018, agus rinne an mhonatóireacht agus an mhaoirseacht riachtanach go léir thar ceann na RLGÓ agus na Roinne Sláinte. • Ceapadh Oifigeach Tacaíochta Ógra i rith 2018 chun tuilleadh forbartha agus comhtháthaithe a dhéanamh ar ról maoirseachta, monatóireachta agus rialachais meánleibhéil BOOLI.
4.4 Bheith rannpháirteach i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta	
4.4.1	Is é an tOifigeach Ógra an Leas-Chathaoirleach ar Chumann Oifigeach Ógra na hÉireann agus sa chái sin, d'fhreastail ar chruinnithe de chuid Choiste Obair Ógra BOOÉ agus ar chruinnithe de chuid Fhóram BOOÉ / RLGÓ le linn 2018.

Tuarascáil 2018 - Breisoideachais agus Oiliúna

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar	
1.1 Cairt d'Fhoghlaimoírí a chruthú do BOOLI	
1.1	Mar chuid de phróiseas ateagmhála BOOLI le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus chun riachtanais reachtúla QQI a chomhlánú, cuireadh an Plean um Fheabhsú Cáilíochta go dtí 2022 i ngníomh agus baineadh amach na gníomhartha agus na garspriocanna sainaitheanta ann i rith 2018. Áiríodh ar na gníomhartha struchtúr rialachais breisoideachais agus oiliúna a bhunú agus Grúpa Maoirseachta Cáilíochta ina mbeadh téarmaí tagartha a bhunú. Chuir foireann bainistíochta BOOLI tús le forbairt ar chairt d'fhoghlaimoírí mar chuid den phróiseas sin.
1.2 Straitéis Teagaisc agus Foghlama BOOLI a Fhorbairt	
1.2.1	Tá dul chun cinn déanta ar Straitéis Teagaisc agus Foghlama a chruthú lenár n-íonaid Ógtheagmhála agus tugadh isteach roinnt tionscnamh píolótach i rith 2018. Rinneadh FGL i bhfoirm meantóireachta ar bhaill foirne maidir le teicnící “na foghlama gníomhaí” a úsáid sa seomra ranga. D'fhreastail roinnt ball foirne ar sheisiúin faisnéisithe ar “na Prionsabail Magenta” le súil agus plean a cheapadh dá n-ionad. Rinneadh taighde ar dheiseanna FGL agus sainathnódh cinn a bhféadfaidh baill foirne freastal orthu. Is comhalta de Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta SOLAS don FGL é Stiúrtóir Breisoideachais agus Oiliúna BOOLI agus chuir sé leis an bplean náisiúnta FGL don breisoideachas agus oiliúint ina sainathnítear teagasc agus foghlaim mar cheann de na seacht réimse straitéiseacha don earnáil.
1.2.2	Cuireadh tús le forbairt ar Straitéis TFC do BOOLI. Chas foireann TFC/Soláthair BOOLI le chéile naoi n-uaire i rith 2018. Tugadh seacht gcinn de na tionscadail TFC a sainathnódh do 2018 chun críche agus tá péire le tabhairt chun críche ag deireadh na bliana. Samplaí de na tionscadail sin iad tairiscint, uasghrádú agus suiteáil threalamh nua d'íonaid bhreisoideachais agus oiliúna agus bhí an méid seo a leanas san áireamh leis sin: 1. Lasca Ionaí 2. Córas Printéireachta Bainistithe 3. Tairiscint le haghaidh Teicneoir(i) Tacaíochta Ar an Láthair do BOOLI 4. Tairiscint Shofhreachgrúil 5. Iniúchadh ar Chrua-earraí 6. Beartas Pasfhocal 7. Áiseanna agus trealamh TFC 8. Íomhá Windows 2010 a chur in úsáid 9. Nuashonruithe bogearraí a bhaineann le RGCS do ghairis mhóibíleacha
1.3 Pleanáil agus comhordú clár	
1.3.1	Forbraíodh an Plean Seirbhísí 2018 don bhreisoideachas agus oiliúint, tugadh amlínte cothrom le dáta agus leasaíodh iad de réir mar ba ghá i rith na bliana. Rinne an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí athbhreithniú ar an bplean seirbhísí trí huairé i rith na bliana. Áiríodh ar thionscnaimh nua mol digiteach a bhunú, síneadh a chur le háiteanna printíseachta céim 2, scéim píolótach laistigh de SDOG inar leasaíodh roinnt clár dhá bhliain go dtí bliain aonair agus tionscadal

	maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) a thabhairt isteach i gcomhar le gníomhaireacht phoiblí eile.
1.3.2	Tugadh an t-iarratas ar mhaoiniú agus an Plean Seirbhísí 2018 don bhreisoideachas agus oiliúint chun críche agus cuireadh ar aghaidh chuig SOLAS iad. Rinneadh leithdháileadh maoinithe bunlíne don bhreisoideachas agus oiliúint a aimsiú agus a chomhaontú le SOLAS bunaithe ar aighneacht 2018. Ardú 4.8% ó 2017 a bhí i gceist leis.
1.3.3	Thug BOOLI an fhorbairt ar an gcéad Chomhaontú Feidhmíochta Straitéiseach trí bliana riamh le SOLAS, ar cuireadh tús leis in 2017, chun críche.
1.4 Soláthar Dearbhú Cáilíochta	
1.4.1	Bunaíodh an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta agus sainmhíníodh ról na foirne sin in 2018. Tugadh réamhobair maidir le rialachas corparáideach chun críche i rith chéim 1 agus cuirfidh sin leis an bhforbairt fhoriomlán ar an gcóras Dearbhú Cáilíochta nua do BOOLI.
1.4.2	Leanadh leis an bplean feidhmithe don Chaighdeán Nua don bhreisoideachas agus oiliúint in BOOLI in 2018. Rinneadh struchtúr, comhaltas agus téarmaí tagartha do Ghrúpa um Rialachas Cáilíochta agus do Ghrúpa um Rialachas Clár a shainaithint, a dhoiciméadú agus a chomhaontú. Tugadh sainmhíniú freisin ar Phlean Gníomhaíochta um Fheabhsú Cáilíochta agus ar Phlean Oibre um Beartais agus Nósanna Imeachta a bhunú.
1.5 Freagraí nuálacha ar riachtanais reatha agus ar riachtanas a bheidh ann sa todhchaí a shainaithint	
1.5.1	Agus é mar aidhm leis an gaol idir breisoideachas agus oiliúint agus lucht fiontair/fostóirí sa Longfort agus san Iarmhí a chur chun cinn agus a fhorbairt, chas an fhoireann um Caidreamh le Fiontar le chéile trí huaire i rith 2018. Tá dearadh déanta ar struchtúr láithreáin chomhroinnte chun soláthar a dhéanamh do roinnt faisnéise leis na comhaltaí go léir. Faisnéis a fhorbairt agus a chur suas ar an láithreán an chéad chéim eile. Ghlac bainistíochta breisoideachais agus oiliúna páirt i gclár píolótach le SOLAS maidir le plean gníomhaíocht um chaidreamh le fiontar a fhorbairt don eagraíocht. Cuspóir an phlean ghníomhaíochta sin is ea struchtúr a chur ar fáil chun cabhrú le BOOLI na cuir chuige atá aige faoi láthair ar chaidreamh le fiontar a fhorbairt agus a fheabhsú. Bhí mar aidhm leis an bhainistíocht a éascú chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcéim reatha forbartha ó thaobh chaidreamh le fiontar, chun measúnú a dhéanamh ar na tosca ratha criticiúla is gá chun tuilleadh feabhsaithe a chur ar an gcaidreamh le fiontar agus chun a bplean feidhmithe a fhorbairt, a fheabhsú nó chun athbhreithniú a dhéanamh air.
1.5.2	Tugadh tionscadal maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama chun críche le spriocghrúpa sainaitheanta foghlaimoirí chun críche in 2018. Tugadh an tionscadal sin chun críche le rannchuidiú thar ceann roinnt clár breisoideachais agus oiliúna. Bhí an scéim thar a bheith tábhachtach do BOOLI agus thug sé deis cuir chuige praiticiúla agus freagairtí ar Aitheantas Réamhfhoghlama a bhunú. I mBaile Átha Luain a bhí an ghníomhaireacht Stáit ar oibrigh BOOLI leis lonnaithe agus bhí 7 mball foirne dá cuid ag obair ar an tionscadal. Go dtí seo, tá 14 phunann Aitheantais Réamhfhoghlama le haghaidh dámhachtainí QQI ar leibhéal 3 agus ar leibhéal 4 tugtha chun críche ag 5 bhall foirne agus tá sé beartaithe roinnt punann eile a chur ar aghaidh in 2019.
1.5.3	Sainaithníodh roinnt clár agus rinneadh scrúdú orthu maidir le iad a fhorbairt ina gcúrsaí oiliúna. Tugadh taighde chun críche ar roinnt clár oiliúna a bhí ann cheana féin lena shainaithint cibé an mbeadh siad oiriúnach lena n-aistriú ina gcúrsaí oiliúna. Sainaithníodh trí chlár agus déanfar iarratas i gcomhar le SOLAS ar an aistriú a fhaomhadh.

Sprioc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú

2.1 Aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus ó thuismitheoirí

2.1.1	Rinneadh fiosrú ar mheicníochtaí chun aiseolas ó fhoghlaimeoirí a bhunú a bheadh mar fhaisnéis agus tacaíocht don soláthar oideachais ardchaighdeán i seirbhísí bhreisoideachais agus oiliúna. Sainaithníodh grúpaí fócais mar an modh roghnaithe le húsáid as seo amach. Tá aiseolas á bhailiú faoi láthair agus córas páipéarbhunaithe á úsáid. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar modhanna bailithe eile i gcomhar leis an nGrúpa Maoirseachta Cáilíochta le lucht bainistíochta breisoideachais agus oiliúna. Ghlac BOOLI páirt i bhFóram foghlaimeoirí AONTAS a eagrú i mBaile Átha Luain. D'fhreastail sampla ionadaíoch dár gcuid foghlaimeoirí ar an bhfóram. Ba é cuspóir an fhórait é aitheantas a thabhairt do ghuth an fhoghlaimeora ach aiseolas ar ár seirbhís breisoideachais agus oiliúna a bhailiú. Tá an t-aiseolas tosaigh curtha faoi bhráid na bainistíochta breisoideachais agus oiliúna agus tá an tuarascáil an-dearfach i leith sheirbhísí breisoideachais agus oiliúna.
2.1.2	Baineadh úsáid as uirlisí agus suirbhéanna le go bhfeadfadh mic léinn aiseolas a thabhairt agus le go bhfeadfadh tuismitheoirí aiseolas a fháil maidir le dul chun cinn na mac léinn in Ionaid Ógtheagmhála. Áiríodh orthu sin suirbhéanna, laethanta do Thuismitheoirí/do Chaomhnóirí agus cruinnithe le Tuismitheoirí/le Caomhnóirí.

2.2 Foghlaim le cuidiú TFC

2.2.1	Tugadh cleachtadh tagarmharcála maidir le tús a chur leis an bhforbairt agus feidhmiú Phlean Gníomhaíochta um Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta chun críche in 2017 agus brúdh ar aghaidh é i rith 2018. Áiríodh ar nuashonruithe tosaigh feabhas a chur ar threalamh TFC chun foghlaim le cuidiú TFC a éascú. Tástáladh úsáid na foghlama le cuidiú TFC le foghlaimeoirí atá dífhostaithe agus fostaithe. Cuireadh roinnt ceardlann agus clár oiliúna ar fáil do bhaill foirne chun cabhrú leo cur lena scileanna sa réimse sin.
2.2.2	Tá ionadaí ag BOOLI i nGrúpa Gníomhaíochta SOLAS maidir le Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta atá dírithe ar dhea-chleachtas agus acmhainní a roinnt. Tá forbairt déanta ag breisoideachas agus oiliúint ar roinnt acmhainní nua ar líne le haghaidh modúl roghnaithe. Leathnaíodh an úsáid a mbaintear as Moodle agus tá bealaí níos solúbtha maidir le hoiliúint a chur ar fhoghlaimeoirí tugtha isteach.

2.3 Aschuir a Rianú agus a Thuairisciú

2.3.1	Baineadh úsáid eisiach as PLSS agus FARR chun sonraí a iontráil lena dtugtar staitisticí ar aschuir foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna chun críocha BOOLI, SOLAS, ROS agus ESF, den chéad uair in 2018 ar feadh na seirbhísí breisoideachais agus oiliúna go léir.
-------	--

2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú

2.4.1	Rinneadh athbhreithniú ar an timpeallacht fisiciúil agus sainaithníodh ionaid lena feabhsú mar thosaíocht. Tugadh roinnt tionscadal chun críche ar fud bhreisoideachais agus oiliúna in 2018. Áiríodh orthu sin uasghrádú agus atheagrú ar roinnt de na hionaid bhreisoideachais agus oiliúna sa Longfort agus san Iarmhí. Sainaithníodh tionscadail mhóra bhreise le haghaidh infheistíochta
-------	---

	caipitil mar chuid den phróiseas pleanála 2018, ach bhí siad sin ag brath ar fhaomhadh ó SOLAS. Ina measc bhí nuachóiriú ar fhoirgneamh breisoideachais agus oiliúna ar Champas an Longfoirt, síneadh chuig foirgneamh atá ann cheana ag Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain agus obair athchóirithe ar Ionad Chionn Átha Gad. Ar an drochuair, de bharr srianta ar mhaoiniú caipitil in 2018 níor tugadh faomhadh do na tionscadail sin ach beidh siad mar chuid de phróiseas tairisceana SOLAS in 2019. Idir an dá linn, chuaigh BOOLI i mbun caidrimh le Comhairle Contae na hIarmhí i socrú comhpháirtíochta chun leas a bhaint as an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe mar chuid d'Éire 2040 – An Tionscadal. Má éiríonn leis, cuirfear infheistíocht ar fáil leis an gciste chun tacú le athnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus i sráidbhailte ina gcónaíonn níos lú ná 10,000 duine, agus sna ceantair mháguaird. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a riarann an scéim. Beidh an toradh chéad chéime den phróiseas iarratais ar fáil go luath in 2019 agus sa chás go gceadófar é, beidh deis tionscadal suntasach a thabhairt chuig an dara céim den phróiseas forbartha.
2.5 FGL/Meantóireacht do Bhaill Foirne	
2.5.1	Rinneadh forbairt ar Phlean FGL breisoideachais agus oiliúna do bhaill foirne BOOLI a bhrú chun cinn i gcomhar le SOLAS agus BOOÉ i rith 2018. Bhí an stiúthóir breisoideachais agus oiliúna, mar chomhalta den Ghrúpa Stiúrtha Forbartha Gairmiúla a chas le chéile cúig huaire in 2018, rannpháirteach go ghníomhach san fhorbairt ar dheiseanna FGL do bhaill foirne breisoideachais agus oiliúna. Dearadh teimpléid a comhaontaíodh go náisiúnta le haghaidh pleanáil FGL, le súil agus iad a chur i bhfeidhm do BOOLI in 2019.
Sprioc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú	
3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear struchtúr maidir le húsáid a bhaint as córais agus cláir	
3.1.1	Thug an fhoireann TFC/soláthair, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna, roinnt tionscadal TFC chun críche in 2018. An toradh air sin, feabhas ollmhór ar an gcumarsáid idir na trí stiúthóireachtaí agus na baill foirne a bhaineann leo, roinnt faisnéise agus líonrú le gníomhaireachtaí seachtracha. Cé gur iomaí toradh dearfach a bhí ann, is fiú ceann amháin a lua go speisialta. Rinneadh uasghrádú ar an gcóras teileafóin ar feadh BOOLI, córas a bhí ag druidim le deireadh a shaolré. De bharr comórtas náisiúnta soláthair don earnáil BOO a bheith curtha ar ceal, cinneadh dul ar aghaidh leis an tairiscint ag deireadh 2018. Agus an próiseas tairisceana agus an chéim suiteála tosaigh tugtha chun críche, rachaidh an tionscadal ar aghaidh chuig ardchéim agus tabharfar chun críche é go luath in 2019.
3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt	
3.2.1	Cuireadh tús le taighde ar Straitéis Cumarsáide do BOOLI agus déanfar tuilleadh forbartha uirthi sa chéad ráithe agus sa dara ráithe de 2019.

3.3 Foirne Comhoibríocha a Chruthú	
3.3.1	Rinneadh roinnt oibre in 2018 ar phobail foghlama ábhar-sonracha a bhunú agus úsáid á baint as TFC i Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna BOOLI. Tugadh bunú láithreán áitiúil Moodle chun críche le súil agus an tionscnamh seo a bhrú chun cinn. Déanfar athbhreithniú ar roinnt de na cláir QQI reatha i rith 2019 agus cuirfear deiseanna ar fáil, leis sin, chun foirne saineolaithe ábhair eile a chruthú.
3.3.2	Neadaíodh an struchtúr nua le haghaidh cruinnithe bainisteoirí agus ceannairí breisoideachais agus oiliúna in 2018. An cuspóir leis sin ab ea tacú le bainistiú comhoibríoch laistigh de BOOLI. Rinneadh tuilleadh feabhsúcháin ar na struchtúir sin in 2018 trí bhíthin cruinnithe bainistithe breisoideachais agus oiliúna a thionól gach dara mí agus cruinnithe do cheannairí contae-bhunaithe gach sé seachtaine i rith na bliana. Bhí sraith cruinnithe sceidealta ag ceannairí lena bhfoirne i rith na bliana. Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr agus ar leagan amach na gcruinnithe ag deireadh 2018 le súil agus cruinnithe breise tras-chontae agus tras-seirbhíse a thionól i rith 2019.
3.3.3	Tionóladh cruinnithe foirne faoi stiúir na bainistíochta, le ceannairí agus baill foirne, chun críche pleananna bainistithe riosca d'ionaid bhreisoideachas agus oiliúna a fhorbairt agus a athbhreithniú. Rinneadh leasú ar struchtúir teimpléid mar fhreagra ar cheardlanna a thionóil IPB Insurance agus cuireadh i bhfeidhm iad sa dara ráithe agus sa tríú ráithe de 2018.
3.4 Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le comhlachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha a fheabhsú	
3.4.1	D'fhreagair Breisoideachas agus Oiliúint le hiarratais ó eagraíochtaí eile agus ghlac páirt agus rinne ionadaíocht ar BOOLI i bhfóraim náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Samplaí díobh sin iad seo a leanas: • Grúpa Comhairleach um Oiliúint Chonarthaí • Bord Clár Cearpantóireachta agus Siúinéireachta • Grúpa Comhordaitheoirí Ógtheagmháil Réigiúnach Lár Tíre • Grúpa Idirghníomhaireachta RRP • Caidreamh le Fostóirí • Adult Literacy Organisation Association • Grúpa Stiúrtha Náisiúnta PLSS • Grúpa Straitéise DFET um Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna • Tacú le Foghlaimeoirí DEIS Aistriú, chuig an Lónra Breisoideachais agus Oiliúna • Grúpa Stiúrtha Forbartha Gairmiúla • Stiúirthóir Breisoideachais agus Oiliúna agus an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas • Grúpa Feidhmithe an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas • Adult Education Officer Association
3.4.2	Tá caidreamh déanta ag BOOLI le páirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí chun cur le seirbhísí breisoideachais agus oiliúna. Áirítear ar shamplaí díobh sin: • An Roinn Oideachais agus Scileanna • SOLAS • An Fóram Scileanna Réigiúnacha • Comhairle Contae an Longfoirt • Comhairle Contae na hIarmhí • Longford Community Resources Limited • Westmeath Community Development • An Roinn Cosanta

	- An Roinn Dlí agus Cirt - An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain - Fostóirí
Spríoc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn	
4.2 Cur chuige a fhorbairt chun cumas bainistithe athraithe a chruthú	
4.2.1	Chuaigh BOOLI i mbun caidrimh le clár FGL ceannaireachta SOLAS, a chabhróidh le tacaíocht agus forbairt ghairmiúil a sholáthar do bhaill foirne a bhfuil ról ceannaireachta acu ar fud na heagraíochta. Chuir BOOLI leis an bpróiseas ar leibhéal náisiúnta agus d'ainmnigh rannpháirtithe i rith 2018 do na cláir phíolótacha maidir le Bainistiú Athraithe.
4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI	
4.3.1	D'oibrigh bainistíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna leis an bhfóram DOSD in 2018 chun beartais agus nósanna imeachta cuí a fhorbairt maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
4.3.2	Tionóladh cruinnithe rialta le linn 2018 le bainistíocht Bhreisoideachais agus Oiliúna, le ceannairí agus le baill foirne agus tugadh cothrom le dáta iad go rialta i ndáil le riachtanais agus freagrachtaí rialachais chorpáraidigh, RGCS ina measc.
4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta	
4.4.1	D'fhreastail bainistíocht, ceannairí agus baill foirne Breisoideachais agus Oiliúna ar chomhdhála, ar laethanta eolais SOLAS agus ar sheisiúin faisnéisithe a bhain le Breisoideachas agus Oiliúint chun láithreachta BOOLI ag imeachtaí den sórt sin a chinntiú. Freastalaíodh ar thuairim is 120 imeacht i rith 2018.
4.4.2	Is comhalta gníomhach é BOOLI de gach comhlacht, gníomhaireacht agus eagraíocht páirtithe leasmhara ábhartha, go háitiúil agus go náisiúnta, agus ghlac sé páirt in imeachtaí éagsúla dá bhfuair sé cuireadh i rith 2018. Áiríodh orthu sin: - SOLAS - An Roinn Oideachais agus Scileanna - BOOÉ - An Fóram Scileanna Réigiúnacha - Comhairle Contae an Longfoirt - Comhairle Contae na hIarmhí - Longford Community Resources Limited - Westmeath Community Development - An Roinn Dlí agus Cirt - An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí - Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Spríoc 5: Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne	
5.1 Straitéis FGL do BOOLI	
5.1.1	Cuireadh tús le hobair ar athbhreithniú ar thacar scileanna na foirne mar bhonn

	do Phlean FGL d'fhoireann Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt i gcomhar le SOLAS agus ag teacht le Straitéis SOLAS don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach 2017-2019. Forbraíodh teimpléad pleanála FGL i rith 2018 le húsáid ag an earnáil BOO agus comhaontaíodh é le SOLAS le haghaidh 2019.
5.1.2	Tugann BOOLI tacaíocht leanúnach do bhainisteoirí, do cheannairí agus do bhaill foirne trí bhíthin mheantóireacht saindírithe agus FGL.
5.1.3	Tugann BOOLI tacaíocht leanúnach do bhainisteoir, do cheannairí agus do bhaill foirne Breisoideachais agus Oiliúna trí bhíthin mheantóireacht saindírithe agus FGL.
5.2 Foirne tras-fheidhme a fhorbairt chun cultúir den nuáil a chur chun cinn	
5.2.2	Tá roinnt foirne tras-fheidhme forbartha ag BOOLI, lena n-áirítear eagraíochtaí seachtracha. Samplaí díobh sin iad seo a leanas: • Tiomantais leanúnacha maidir le comhoibriú le BOOnna eile ar thionscnaimh phrintíseachta de réir mar is gá. • An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna is ea an Cathaoirleach ar an mbeart nuabhunaithe, BOOÉ ag Tacú le hAistriú Foghlaimeoirí DEIS chuig an Líonra Breisoideachais agus Oiliúna. • Bíonn an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna ina chathaoirleach ar chruinnithe ráithiúla leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí mar chuid de • Líonra Breisoideachais agus Oiliúna BOOLI na Roinne sin.

Tuarascáil 2018 - Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin (TFE)

Le Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin, díritear ar sheirbhísí neamhfhoghlama a sholáthar atá riachtanach chun cabhrú le hoideoirí agus le teagascóirí díriú ar na seirbhísí díreacha d'fhoghlaimoirí lena chinntiú go mbeidh eispéireas foghlama ardchaighdeán acu. Déantar na seirbhísí sin a sholáthar trí bhíthin bhaill foirne túslíne, eadhon rúnaithe agus foireann riaracháin in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus ó na hoifigí riaracháin fadbhunaithe i mBaile Átha Luain, sa Longfort agus sa Cheannoifig sa Mhuileann gCearr. Tá na baill foirne riaracháin sna hoifigí sin ailínithe le feidhmeanna éagsúla in Airgeadas, Acmhainní Daonna, Rialachas Corparáideach agus Seirbhísí, Bainistiú TFC, Soláthar, Párolla, Bainistiú Saoire agus i réimsí eile de réir mar is gá.

Tá cúraimí fairsinge ar gach ceann de na réimsí sin agus tá siad riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an eagraíocht le riachtanais i ndáil le rialachas corparáideach fad a bhíonn sí in ann riachtanais a chomhlíonadh faoin raon fairsing reachtaíochta a bhfuil tionchar aici ar an eagraíocht.

Tá an méid a bhain an TFE amach in 2018 sa tábla thíos:

Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ardcháilíochta, foghlaimoirlárnacha a sholáthar	
1.3 Pleanáil agus comhordú clár	
1.3.1	Ullmhaíodh an Plean Seirbhíse maidir le hEagrúchán, Tacaíocht agus Forbairt agus cheadaigh an Bord an Plean Seirbhíse foriomlán do BOOLI an 22 Bealtaine 2018. Rinne an SMT athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse trí huaire in 2018.
Spríoc 2: Eispéiris agus torthaí d'fhoghlaimoirí a fheabhsú	
2.4 Áiseanna agus acmhainní a fheabhsú	
2.4.1	Tionóladh roinnt cruinnithe agus cainteanna den earnáil BOO faoi chlár réadmhaoine BOOLI a uathobriú mar chuid den fhorbairt náisiúnta ar an gclár Réadmhaoine BOO. Cuireadh tús le sonraisc leictreonacha a nascadh le réadmhaoin aonair agus tá sin le tabhairt chun críche sa chéad ráithe de 2019. Tionóladh roinnt cainteanna iniúchta leis an SEAI maidir leis na roghanna atá ar fáil do BOOLI ó thaobh na hinbhuanaitheachta. Tá sé beartaithe dul i mbun breis caidrimh ar fud na hearnála. Ghlac BOOLI páirt iomlán, i gcomhar le grúpa oibre an BOOÉ, ar threoirilínte agus nósanna imeachta cleachtais a fhorbairt maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
Spríoc 3: Cumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a chothú	
3.1 Straitéis TFC lena n-áirítear struchtúir maidir le hathúsáid córas agus clár	
3.1.1	Rinneadh forbairt shuntasach ar SharePoint in 2018 nuair a soiléiríodh leagan

	amach struchtúr agus nuair a forbraíodh struchtúir chun cabhrú le Seirbhísí Corparáideacha faisnéis a ghabháil ag an bhfoinse agus san fhormaid riachtanach. Tá an próiseas soláthair do chóras teileafóin nua BOOLI tugtha chun críche agus chuaigh an córas nua i bhfeidhm i mí na Nollag 2018 sa Cheannoifig i bPáirc Ghnó Bhaile Marlainn agus san ionad oiliúna i mBaile Átha Luain.
3.2 Straitéis Cumarsáide a fhorbairt	
3.2.1	Cuireadh tús le taighde ar Straitéis Cumarsáide a fhorbairt do BOOLI le súil agus an straitéis sin a fhorbairt sa chéad ráithe agus sa dara ráithe de 2019.
3.2.2	Tugadh an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2017 chun críche agus bhí an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2018 beagnach tugtha chun críche faoi mhí na Nollag 2018.
3.3 Foirne comhoibríocha a chruthú	
3.3.1	Tá obair mhór déanta i ndáil le lámhleabhar oibriúcháin BOOLI a chruthú. D'oibrigh foirne comhoibríocha, a bhain le Párolla agus Acmhainní Daonna ar an ullmhúchán le haghaidh Párolla a aistriú chuig oifig an Longfoirt in 2018. Tá obair mhór ullmhúcháin déanta freisin don tseirbhís chomhroinnte párolla. Chomh maith leis sin, d'fhorbairt an rannóg acmhainní daonna córas réamhghníomhach le haghaidh neamhláithreacht foirne i rith 2018. Faoi gcur chuige nua ar sholáthar, tá nósanna imeachta soláthair nua forbartha ag an bhfoireann Soláthair, ag an bhfoireann Airgeadais agus ag foirne i scoileanna agus in ionaid. I measc na dtionscnamh a tugadh chun críche in 2018 bhí rolladh amach na seirbhíse bainistithe printéireachta nua, conarthaí fóin mhóibíleacha tairiscintí éagsúla TFC agus an t-iarratas Bus. Ina theannta sin, bhí baill foirne airgeadais agus scoile bainteach le rolladh amach an chórais scoile gan airgead tirim, Way2Pay, i ngach scoil BOOLI in 2018. Tá feabhas suntasach curtha ar thrédhearcacht agus éifeachtacht ar leibhéal scoile agus ionaid, i ndáil le hiniúcháireacht, aige sin agus ag athruithe ar an timpeallacht P2P. Chuir BOOLI cuid mhór le rath na Roinne Oideachais agus Scileanna sa tionscadal ríomh-shonraisc a fuair maoiniú ón Eoraip agus ar baineadh amach na spriocanna go léir ina leith faoi dheireadh an tionscadail i nDeireadh Fómhair 2018.
3.3.2	Treisíodh an fhoireann RGCS nuair a ceapadh ball foirne sinsearach agus ball foirne tacaíochta i ról nua i Lúnasa agus i nDeireadh Fómhair faoi seach. Rinneadh dul chun cinn mór ar shaineolas a fhorbairt laistigh d'fhoireann BOOLI chun cur leis an bhfeasacht ar RGCS. Tugadh plan iomlán cuairteanna ar an láthair chun críche sna scoileanna agus ionaid go léir. Tá teimpléid, cuir i láthair agus treoirlínte d'fhoirne ar fud BOOLI ullmhaithe agus scaipthe ag an bhfoireann.
Sprioc 4: Forbairt ar struchtúir eagrúcháin éifeachtacha a bhrú chun cinn	
4.1 Forbairt ar an struchtúr eagrúcháin a bhrú chun cinn	
4.1.1	Fuair BOOLI faomhadh ón Roinn chun poist bhuana a líonadh in 2018. Tá faomhadh faighte freisin le haghaidh roinnt post sealadach.

	Lean BOOLI ar aghaidh de chaidreamh a dhéanamh le hOifig Bainistithe Tionscadal na Roinne Oideachais agus Scileanna i ndáil leis na seirbhísí comhroinnte párolla agus airgeadas. Bhí baill foirne shinsearacha ó BOOLI páirteach i sraith cruinnithe ar an dá thionscadal le linn 2018. I rith na bliana, mar thoradh ar chomhdhlúthú córas, tá neadú déanta ar an struchtúr rannóige nua agus tá soiléire an chuir chuige maidir le córas amháin do BOOLI amháin le feiceáil. I measc na gcóras a ndearnadh comhdhlúthú orthu in 2018 bhí Párolla, Taisteal, Neamhláithreacht, Scoil Gan Airgead, an modúl Earcaíochta agus an tsamhail nua maidir le soláthar ag ilsoláthróirí. D'ullmhaigh an rannóg Soláthair doiciméadúchán caighdeánach, struchtúrtha, lean áiríodh Iarratais ar Thairiscintí, Comhaontuithe Seirbhíse agus Conarthaí in 2018. Leis an gcur chuige sin, tugadh deis ardú mór a dhéanamh ar an líon comórtas ar tugadh fúthu agus ar beartaíodh. Tá cur chuige nuálach forbartha ag an rannóg Soláthair, lena n-úsáidtear creat ilsoláthróirí chun busanna a rialú agus a fhostú le haghaidh turais aon-uaire ó scoileanna agus ionaid. Tá sin á bhrú chun cinn ag BOOLI faoi láthair don earnáil trí chéile. Tá tionscadal de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, le maoiniú AE, tugtha chun críche go rathúil ag rannóg airgeadais BOOLI. Baineann an tionscadal le sonraisc leictreonacha agus le cártaí soláthair phoiblí. Thosaigh an fheidhm Seirbhísí Corparáideacha ag glacadh réimsí freagrachta eile chuici féin de réir mar a cheadaíonn acmhainní foirne. Forbraíodh bunachar sonraí éileamh árachais le húsáid i gcomhar le SharePoint. Tá suntas ag baint le forbairt na bpleananna Bainistithe Riosca i rith 2018, mar a aithníodh ag an gcoiste iniúchóireachta. Ullmhaíodh líon mór beartas agus cuireadh faoi bhráid bhord BOOLI iad in 2018 lena bhfaomhadh. Maidir le cúrsaí Párolla, rinneadh roinnt de na párollaí atá fanta a chumasc agus aistríodh reáchtáil párolla go dtí aon oifig amháin. Tugadh rolladh amach iomlán an chórais éilimh pháirt-aimseartha chun críche in 2018. Tá obair mhór déanta ar chonarthaí a eisiúint ar bhaill foirne agus tá formhór mór na gconarthaí a bhí amuigh eisthe ar bhaill foirne anois. D'éirigh le rolladh amach an chórais neamhláithreachta nua agus a impleachtaí sna hionaid go léir. Tugadh isteach modúl earcaíochta nua agus tá sé neadaithe go hiomlán san fheidhm earcaíochta anois. Leis na forbairtí sin, tugadh deis sainmhíniú níos soiléire a thabhairt ar ról i ngach rannóg den oifig párolla Acmhainní Daonna. Tá aird tarraingthe freisin ar bhéim níos mó ar RGCS sa rannóg.
4.2 Cur chuige a fhorbairt chun cumas bainistithe athraithe a chruthú	
4.2.1	Tugadh faoi líon iomlán de 72 thionscadal ar feadh na réimsí feidhme go léir sna Ceannoigí agus tugadh chun críche iad in 2018.
4.3 Dea-rialachas a neadú ar fud BOOLI	
4.3.1	Cuireadh go mór leis an bPlean Bainistithe Riosca do BOOLI in 2018, agus gach riosca nasctha leis an sprioc ábhartha i Ráiteas Straitéise BOOLI agus i dtionscadail 2018. Tá an scoil gan airgead, Way2Pay, tugtha isteach go rathúil agus tugann an córas

	sin soiléire faoi cén airgead a bailíodh agus cén fáth agus faoin am ar lóisteáladh é sa chuntas bainc sin againne.
4.3.2	Tá sraith doiciméad Soláthair forbartha ag BOOLI a thugann deis dúinn ár gcur chuige a chaighdeánú ar feadh réimsí an-éagsúla soláthair in 2018. Ina theannta sin, tá ár gcomórtais 2018 leagtha amach againn chun comhlíonadh le riachtanais reachtúla a chinntiú, lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanaí agus trédhearcacht.
4.4 Bheith rannpháirteach i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta	
4.4.1	Tá caidreamh ar bhonn náisiúnta déanta ag BOOLI le BOOÉ. I measc nithe eile, thugamar faomhadh d'Fhóram Seirbhísí Corparáideacha BOOÉ i Meán Fómhair 2018 agus d'fhreastail ár bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha ar an gcéad chruinniú dá chuid. Ghlac BOOLI páirt i dtionscadal de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le sonraisc leictreonacha de chuid Oifig Bainistithe Tionscadail a fhaigheann maoiniú ón Eoraip. Bíonn ár nOifigeach Airgeadais páirteach i bhfóram airgeadais BOOÉ agus bíonn gach duine dár Stiúrthóirí páirteach ina bhfóram náisiúnta faoi seach.
Sprioc 5: Tacú le cultúr forbartha leanúnaí i measc na foirne	
5.1 Straitéis FGL do BOOLI	
5.1.1	Thug BOOLI tacaíocht do bhaill foirne sa Cheannoifig i ndeiseanna FGL foirmiúla in 2018 ag teacht le riachtanais scileanna bhaill foirne BOOLI a tháinig chun solais. Áiríodh orthu sin réimsí amhail soláthar, cuntasacht, bainistiú sonraí, rialachas agus pinsin.
5.1.3	Comhaontaíodh creat ginearálta chun straitéis FGL do BOOLI a fhorbairt in 2018. Earcaíodh Ceann Acmhainní Daonna nua sa cheathrú ráithe.
5.2 Foirne tras-fheidhme a fhorbairt chun cultúir den nuáil a chur chun cinn	
5.2.1	Forbraíodh raon foirne tras-fheidhme mar thoradh ar an tacar tionscadal atá ar bun sa réimse Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin. Cuid den phróiseas leis na tionscadail sin is ea acmhainní foirne a ath-leithdháileadh chuig airgeadas, seirbhísí corparáideacha, soláthar, taisteal, párolla agus acmhainní daonna, agus uathu. Samplaí d'fhoirne den sórt sin iad seo a leanas: - Cuntais infhála agus scoileanna - Cuntais iníoctha agus Soláthar - Soláthar agus TFC - Acmhainní Daonna agus Párolla - Párolla agus Saoire - Saoire agus Acmhainní Daonna - Soláthar agus Scoileanna agus Ionaid - Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna

Ráitis Airgeadais 2018**Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí****Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018**

	An bhliain dar críoch 31/12/2018 €
FÁLTAIS	
Deontais d'Iar Bhunscoileanna agus don Cheannoifig	25,899,592
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	24,527,057
Deontais i Leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	-
Deontais i Leith Seirbhísí Óige	585,644
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	1,661,500
Deontais Chaipitil	1,206,924
	<u>53,880,717</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ	
Scoileanna & an Cheannoifig	25,881,701
Breisoideachas agus Oiliúnt	24,917,851
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	-
Seirbhísí Óige	740,367
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	1,605,340
Deontais Chaipitil	717,727
	<u>53,862,986</u>
Barracha/(Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse	17,731
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	<u>(22,259)</u>
Barrachas Ioncaim Fabhraithe/(Easnamh) don Tréimhse	(4,528)
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim amhail an 1 Eanáir	5,271
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim an 31 Nollaig	<u>743</u>

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas maidir le Glansócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	An bhliain dar críoch 31/12/2018 €
Sócmhainní Reatha	
Deontais Athfhillteacha Stáit	202,860
Deontais Chaipitil Stáit	482,750
Deontais Athfhillteacha Eile	69,063
Féichiúnóirí Tríú Páirtí	353,010
Iarmhéid Bainc	2,726,950
	<u>3,834,633</u>
Dlíteanais Reatha	
Deontais Athfhillteacha Stáit	1,539,650
Deontais Chaipitil Stáit	255,671
Deontais Athfhillteacha Eile	466,683
Dlíteanais Pá & Costais	1,571,886
	<u>3,833,890</u>
Glansócmhainní Reatha/(Dlíteanais)	<u>743</u>
Atá le feiceáil ag	
Barrachas/(Easnamh) Ionacaim	<u><u>743</u></u>
Anailís ar an mBarrachas/(Easnamh) Ionacaim	
	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe 31/12/2018 €
Clár	
Scoileanna & an Cheannoifig	(1,325)
Gníomhaireacht agus Tionscadail Féinmhaoinithe	2,068
	<u><u>743</u></u>

Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh: De réir pá a cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, íocadh €117,564 leis an bPríomhfheidhmeannach (gan ÁSPC an Fhostóra san áireamh) sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018. Fuair an Príomhfheidhmeannach costais taistil eachtraigh €7067 i 2018 agus ní dhearna sé taisteal ar bith thar lear chun críocha gnó an LWETB a dhéanamh le linn 2018.



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Tionscadail arna dtacú i bpáirt ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hÉireann mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim.



**Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020**

Co-funded by the Irish Government
and the European Union



EUROPEAN UNION

Investing in your future

European Social Fund



**An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige**
Department of Children
and Youth Affairs



SOLAS
An tSeirbhís Oideachais Leamúnaigh agus Scileanna
Further Education and Training Authority